—1993—

# An tSuibiacht Abú, An tSuibiacht Amú

Máire Ní Annracháin

(Cathaoirleach: Breandán Ó Buachalla)

Ní raibh sé de phribhléid agamsa riamh castáil le Máirtín Ó Cadhain. An chéad uair a chuala mé a ainm ná fógra a bháis ar an raidió agus mé ar scoil. Is cuimhin liom m'athair á mhíniú dom go raibh fathach de chuid litríocht na Gaeilge ar lár. Ba léir dom ó shin i leith gur fíor gur fathach a bhí ann agus, ar nós shean-Phádraic Uí Chonaire, go raibh an oiread sin cáile air go mbítí ag insint scéalta faoi, agus b'fhéidir finscéalta, lena linn féin. Fathach liteartha agus fathach ann féin. Ba dhuine é nár dheacair dúinn a shamhlú mar shuibiacht, is é sin mar phearsantacht láidir, neamhspleách, aonair, lena intinn agus a chuid tuairimí féin as ar eascair a chreideamh agus a chuid gníomhartha gaile (féach Belsey 1980, 58). B'fhéidir go gceapfaí gur aisteach go maith é léacht a thabharfaí in ómós dó, léacht a tharraingeos cuid mhaith ar a shaothar liteartha, a úsáid chun amhras a chaitheamh ar chinnteacht na suibiachta. Sa pháipéar seo ba mhaith liom súil a chaitheamh ar na tuairimí is coitianta faoin tsuibiachtúlacht i réimsí áirithe den smaointeachas comhaimseartha, agus iniúchadh a dhéanamh ar roinnt téacsanna de chuid an fichiú haois i bhfianaise na dtuairimí sin. Chun an t-iomlán sin a chur i gcomhthéacs, déanfaidh mé tagairt ghairid ag an tús do thraidisiún na Gaeilge atá tar éis a bheith i ngreim an réalachais, a bhfuil cineál áirithe suibiachtúlachta go mór i dtreis ann, ó thús na haoise.

## An Réalachas agus an tSuibiacht

Mar is eol dúinn tá cumas na Gaeilge déileáil le saol na cathrach ina chnámh spairne le tamall anuas. I gcampa amháin tá siad siúd a áitíonn nach mbaineann an Ghaeilge le traidisiún na cathrach, agus a fhaigheann locht uirthi i ngeall air sin. An saol tionsclaíoch nó iarthionsclaíoch a bhíonn i gceist le 'saol na cathrach'. Sa champa eile, tá siad siúd a chosnaíonn cumas na Gaeilge a leithéid a dhéanamh agus a áiríonn liosta téacsanna a phléann ar bhealach amháin nó a chéile leis an saol iarthionsclaíoch. Ní dóigh liom gur mhaith liom mo tháille ballraíochta a íoc i gceachtar den dá champa. Ainneoin an éilimh choitianta fhorleathain ar théacsanna réalaíocha, téacsanna a bhíonn bunaithe ar phearsa sho-aitheanta dhaonna—scoth na suibiachta mar a déarfá—agus ainneoin na leisce a bhíonn ar go leor léitheoirí dua a chaitheamh le téacs ar bith nach bhfuil 'soléite', fós féin is é fírinne an scéil nach aon seoid luachmhar tharchéimnitheach an réalachas clasaiceach gona bhéim ar an tsuibiacht láidir. Níl ann ach stíl faoi leith a tháinig faoi bhláth i dtíortha tionsclaíocha ó ré an indibhidiúlachais i leith.

Déantús coinbhinsiúnta tacair is ea gach aon chineál scríbhneoireachta, an réalachas clasaiceach san áireamh. Is é an difear is mó idir é agus stíleanna eile scríbhneoireachta ná go ligeann sé air nach stíl ar leith é ar chor ar bith, ach, ar nós pána gloine nó scátháin, go ligeann sé dúinn féachaint trí na focail agus amach caol díreach ar na heachtraí, nó ar na radharcanna nó ar na pearsana a bhfuil aithris chruinn dhílis á déanamh orthu sa téacs. Cuireann téacs réalaíoch i gcéill go bhfuil an saol mór á athscríobh i ndioscúrsa nach bhfuil riail ar bith ag baint leis. Cur i gcéill atá ann mar is féidir na rialacha dochta a bhaineann leis an réalachas a aithint go réidh, ach fios a bheith agat go bhfuil siad ann. Is furasta a thaispeáint go roghnaítear focail áirithe thar fhocail eile, fiú amháin i ngearrscéal 'réalaíoch', ar go leor cúiseanna eile seachas, nó anuas ar, a chruinne is a chuireann siad síos ar an saol. Tá sampla soiléir in 'Daoine Bochta' as *Dúil* (1953) le Liam Ó Flaithearta. Tagraítear don fheamainn dhearg sa scéal sin do cholainn dhearg an chapaill agus do lámha dearga na mná. Tá cuntas sochreidte ar na trí rudaí sin i gceist ach anuas air sin, cruthaíonn athúsáid an aon fhocail amháin aontacht idir an bhean agus an dúlra a fhágann an fear taobh amuigh di. Cruthaíonn an aontacht sin cuid mhaith de bhrí an scéil (Ó Flaithearta 1953: 85–90). Téann criticeoirí áirithe chomh fada lena rá go bhfuil an réalachas féin mímhacánta toisc go ligeann sé air go bhfuil sé trédhearcach, agus ní hamháin mímhacánta ach tiarnúil chomh maith. Deir Terry Eagleton:

> Signs which pass themselves off as natural, which offer themselves as the only conceivable way of viewing the world, are by that token authoritarian and ideological. It is one of the functions of ideology to 'naturalize' social reality, to make it seem as innocent and unchangeable as Nature itself. Ideology seeks to convert culture into Nature and the natural sign is one of its weapons... Ideology, in this sense, is a kind of